

SEICLIOSTA LE HAGHAIDH CHONRADH FOSTAÍOCHTA CHÚNTÓIR RIACHTANAS SPEISIALTA~TÉARMA SOCRAITHE

Tá na leideanna sa doiciméad aibhsithe le dath dearg. Is gá a chinntiú go scriostar na leideanna agus go n-ionsátar an t-eolas cuí.

Tá an teimpléad curtha in oiriúint ó chonradh seasta le haghaidh Chúntóirí Riachtanas Speisialta [CRS] foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (Ciorclán 15/05).

Toisc gur teimpléad an doiciméad seo ní mór é a chur in oiriúint do riachtanais dhílse na scoile. Tá sé arna bheartú go n-úsáidfean an conradh teimpléadach nuair a bheidh fostaithe nua á gceapadh.

Tá sé tábhachtach go dtagraítear don Nóta Treorach maidir le Saincheisteanna Fostaíochta Ginearálta atá ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC ([Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha](#))].

Fostaí téarma shocraithe is ea an leagan cineálach a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar fhostaithe ar fostú go sealadach ar feadh tréimhse socraithe/tréimhse ama socraithe, le haghaidh cuspóra shonraithe nó chun sainchúram a shlánú. Tá dhá chonradh teimpléadach ar fáil ar shuíomh idirlín CPSMA [CBBC]:

- (a) conradh le haghaidh chúntóir riachtanas speisialta[CRS]~téarma socraithe
- (b) conradh le haghaidh chúntóir riachtanas speisialta[CRS]~cuspóir sonraithe

Tá sé tábhachtach a chinntiú go n-úsáidtear an conradh ceart. Is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta chúntóir riachtanas speisialta[CRS]~téarma socraithe” a úsáid nuair a bhíonn tú cinnte faoi thréimhse an chonartha i.e. an Cúntóir Riachtanas Speisialta seasta a bheith amuigh ar feadh tréimhse ama cinnte. Ar an taobh eile nuair nach mbíonn an t-am a fhillfidh an Cúntóir Riachtanas Speisialta seasta ar eolas go cinnte e.g. an Cúntóir Riachtanas Speisialta seasta ar saoire mháithreachais, saoire bhreiteachta, saoire chúramóra, etc. is ceart teimpléad an “conradh fostaíochta chúntóir riachtanas speisialta[CRS]~cuspóir sonraithe” a úsáid. Is gnách conradh cuspóra shonraithe seachas conradh téarma shocraithe a bheith i gceist nuair a bhíonn Cúntóir Riachtanas Speisialta sealadach á fhostú in ionad Chúntóir Riachtanas Speisialta seasta.

Tá fáil ar an doiciméad dar teideal “Eolas Ginearálta maidir le Conarthaí Téarma Shocraithe/Conarthaí Cuspóra Shonraithe~ Nóta Treorach CPSMA [CBBC]” maidir le hathnuachan chonarthaí múinteoirí sealadacha ar shuíomh idirlín ag www.cpsma.ie. Moltar go láidir dul i gcomhairle an doiciméid seo sula gcinntear ar cheann amháin den dá chonradh theimpléadacha a roghnú agus fostaí á fhostú ar bhonn sealadach. Cé go

mbaineann na treoracha seo go sonrach le múinteoirí sealadacha, baineann na prionsabail ghinearálta le gach ball foirne.

AN NDEARNA TÚ

1. An dáta agus an bhliain a ionsá?
2. An t-ainm, an seoladh agus an uimhir rolla a ionsá?
3. Ainm agus seoladh an fhostaí a ionsá?
4. A chur in iúl cé acu post lánaimseartha nó post páirtaimseartha atá i gceist agus pé ceann díobh nach bhfuil i gceist a scriosadh? Feic clásal 1.01. Is ionann post lánaimseartha agus seachtain 32 uair; ní áirítear sosanna, tréimhsí scíthe etc. sna 32 uair. Is ionann post naíonán lánaimseartha agus seachtain 27 uair; ní áirítear sosanna, tréimhsí scíthe etc. sna 27 uair.
5. An líon uaireanta a bhíonn le hoibriú a ionsá más post páirtaimseartha é? Feic clásal 1.01.
6. An dáta tosaithe a ionsá? Feic clásal 1.01.
7. Dáta éagtha an téarma shocraithe a ionsá? Feic clásal 1.01.
8. “An Conradh téarma shocraithe seo” nó “an Conradh téarma shocraithe breise seo” a scriosadh mar is iomchuí? Feic clásal 1.03.
9. Na forais oibiachtúla gur Conradh téarma shocraithe an Conradh a ionsá? Is gá an chúis go bhfostaítear Cúntóir Riachtanas Speisialta [CRS] téarma shocraithe a ionsá. Ní mór a bheith soiléir faoin gcúis go díreach go mbíonn Conradh téarma shocraithe i gceist seachas Conradh seasta. Tá samplaí d’fhorais oibiachtúla luaite san teimpléad. Is gá duit a chinntiú go scriostar na samplaí nach bhfuil oiriúnach agus atá luaite sa teimpléad. Muna bhfuil an foras oibiachtúil sna samplaí, ionsáigh an foras oibiachtúil ceart agus scrios na samplaí uile. Feic clásal 1.03.1 agus clásal 1.03.02.
10. An modh a gcuirfidh an fostóir Cúntóir Riachtanas Speisialta téarma socraithe ar an eolas maidir le folúntais do phoist Chúntóir Riachtanas Speisialta seasta a ionsá? Feic clásal 1.05.
11. An tréimhse phromhaidh a ionsá? Feic clásal 2.01.
12. An tréimhse phromhaidh shínte a ionsá? Feic clásal 2.01.
13. Na huaireanta oibre a ionsá? Feic clásal 4.01.

14. A chinntiú go bhfuil an tAguisín ceangailte leis an gconradh? Feic clásal 7.01.
15. A chinntiú go síníonn an Cathaoirleach agus an Fostaí **araon** an conradh **i ndúblach**?
16. An treorú i ndúch dearg gur cheart an conradh a shíniú i ndúblach etc a scriosadh?
17. A chinntiú go bhfuil cóip amháin den chonradh sínithe coinnithe ag an scoil agus cóip amháin tugtha don fhostaí?
18. Má ardaítear ceisteanna dlí maidir le fostaíocht moltar don scoil teagmháil a dhéanamh lena cuid árachóirí chun an t-ábhar a thuairisciú agus chun a fhionnadh an bhfuil údarú ann chun comhairle dlí a fháil.